



An Garda Síochána

Doiciméad Beartais

Glaonna Gutháin a Thaifeadadh

Dáta Éifeachta	<i>15 Bealtaine 2018</i>
Leagan Uimh.	<i>0.02</i>
Arna cheadú ag	<i>[Feidhmeannach an Gharda]</i>
Arna thabhairt isteach le	<i>[Treoir HQ 27/2018]</i>
Úinéir Beartais	<i>Stiúrthóir Feidhmiúcháin TFC</i>

Cuspóir

Leagtar amach sa bheartas seo seasamh an Gharda Síochána maidir le glaonna gutháin a thaifeadadh ag stáisiúin/áiseanna na nGardaí, agus bainistíocht agus úsáid na dtaifeadtaí sin. Baineann an beartas le taifeadadh glaonna éigeandála le haghaidh seirbhíse in Ionaid/Seomraí Cumarsáide Réigiúnacha/Rannáin agus in aon limistéir eile laistigh de Stáisiúin/áiseanna an Gharda Síochána ina gceadaítear glaonna le haghaidh seirbhíse neamhéigeandála a thaifeadadh. Ní áirítear leis an mbeartas seo an áis taifeadta in Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána (GISC) toisc go bhfeidhmíonn an bhainistíocht áitiúil beartas ar leith sa réimse seo. I gceantair ina bhfuil glaonna éigeandála ar sheirbhís le taifeadadh, ní mór an glaoiteoir a chur ar an eolas go bhfuil a ghlaó á thaifeadadh.

Is é an tairbhe don Gharda Síochána agus dá pháirtithe leasmhara ná an rochtain rialaithe ar thaifeadtaí de ghlaonna éigeandála ar sheirbhís, a chabhraíonn leis an nGarda Síochána a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh mar atá leagtha amach in alt 7, Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú.

Raon Feidhme

Tá feidhm ag an doiciméad seo agus gach doiciméad gaolmhar maidir le gach comhalta den Gharda Síochána idir oifigigh faoi mhionn agus foireann shibhialtach agus aon chonraitheoir atá fostaithe ag an nGarda Síochána. Tá feidhm ag na doiciméid chomh maith maidir le Póilíní Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir Alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Ráiteas Beartas

Déanfaidh an Garda Síochána gach glao éigeandála ar sheirbhís a dhéantar le hIonaid/Seomraí Cumarsáide Réigiúnacha/Rannáin an Gharda Síochána a thaifeadadh. Is glaonna iad glaonna éigeandála ar sheirbhís a thionscnaítear trí dhiailiú uimhreacha teileafóin éigeandála 999/112. Déantar na glaonna seirbhíse seo a thaifeadadh chun cabhrú leis an nGarda Síochána a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh mar atá leagtha amach in alt 7, Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú. Mar gheall ar nádúr na nglaoanna éigeandála ar sheirbhís, ní chuirfear in iúl do ghlaoteoirí go bhfuil glaonna teileafóin á dtaifeadadh.

Déanfaidh an Garda Síochána gach glao éigeandála ar sheirbhís a dhéantar le línte an Gharda Síochána a thaifeadadh. Sna cásanna seo, cuirfidh teachtaireacht taifeadta in iúl do ghlaoteoirí go bhfuil an glao gutháin chuig an líne ábhartha á thaifeadadh agus cad chuige a bhfuil sé á thaifeadadh.

Cuirfear in iúl do bhaill foirne an Gharda Síochána agus do bhaill foirne shibhialtacha a fhreagraíonn línte teileafóin taifeadta go bhfuil na línte teileafóin ábhartha á dtaifeadadh. Cuirfear comharthaíocht go feiceálach i ngach Ionad/Seomra Cumarsáide Réigiúnach/Rannáin de chuid an Gharda Síochána ina bhfuil línte teileafóin taifeadta i bhfeidhm ag cur in iúl don phearsana go bhfuil na línte teileafóin á dtaifeadadh. Déanfar síntí teileafóin atá ainmnithe lena dtaifeadadh a lipéadú go soiléir mar shíntí taifeadta.

Ní chuirfear síntí teileafóin taifeadta leis an gcóras teileafóin ach amháin de réir fhorálacha an Doiciméid Nóis Imeachta um Thaifeadadh Glaonna Teileafóin.

Meastar gur 'faisnéis phearsanta' iad sonraí taifeadta mar a fhoráiltear faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus próiseálfaid iad de réir na reachtaíochta seo. Beidh rochtain ar an gcóras á rialú ag an gCeannfort Teileachumarsáide. Ní dheonófar rochtain ach amháin le húdarú i scríbhinn ón gCeannfort/Oifigeach Ceantair ábhartha chun críocha sonraithe. Ní bheidh rochtain ar an gcóras taifeadta teileafóin ach amháin de réir fhorálacha an Doiciméid Nóis Imeachta um Thaifeadadh Glaonna Teileafóin.

Tréimhse Choinneála

Coinneofar taifeadtaí de ghlaonna éigeandála ar feadh tréimhse seacht (7) mbliana mura ndéantar iad a bhaint agus a stóráil ar leithligh chun críocha imscrúduithe. Coinneofar glaonna chuig Oifig na bPionós Muirear Seasta ar feadh dhá (2) bliana.



Comhlíonadh

Tá comhlíonadh an Bheartais seo agus an Doiciméad Nóis Imeachta a ghabhann leis éigeantach d'Fhoireann an Gharda Síochána ar fad.

Doiciméid Ghaolmhara

- Doiciméad Nóis Imeachta do Ghlaonna Gutháin a Thairfeadh

Scagthástáil ó thaobh an dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh scagthástáil ó thaobh an dlí agus Cearta Daonna ar an mbeartas seo i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don réimse ábhair lena mbaineann.

Caighdeán Eiticiúla & Gealltanais

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeán agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Athbhreithniú ar an mBeartas

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo dhá mhí dhéag 12 óna dháta éifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Séanadh

Ní bheartaítear gur comhairle dlí atá sa doiciméad seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

